# An Chairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe



Comhaontú Páirteach Méadaithe i dtaca le Spórt,
Comhairle na hEorpa

Enlarged Partial Agreement on Sport
epas
Accord partiel élargi sur le sport

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE

# An Chairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe

Moladh CM/Rec(2021)5
Arna ghlacadh ag an gCoiste Airí
an 13 Deireadh Fómhair 2021
ag an 1414ú cruinniú
de chuid Ionadaithe na nAirí

Comhairle na hEorpa

Tá an t-údar/na húdair freagrach as na tuairimí a léirítear sa saothar seo agus ní gá gur ionann iad agus beartas oifigiúil Chomhairle na hEorpa.

Údaraítear atáirgeadh sleachta (suas le 500 focal), seachas chun críocha tráchtála a fhad is go gcaomhnaítear sláine an téacs, nach n-úsáidtear an sliocht as comhthéacs, nach dtugtar faisnéis neamhiomlán nó nach gcuirtear an léitheoir ar míthreoir maidir le nádúr, raon nó inneachar an téacs. Caithfear an buntéacs a admháil i gcónaí mar a leanas: "© Comhairle na hEorpa, bliain an fhoilseacháin". Ba cheart gach iarratas eile a bhaineann le hatáirgeadh/le haistriúchán na cáipéise ar fad nó cuid di a sheoladh chuig Stiúrthóireacht na Cumarsáide, Comhairle na hEorpa (F-67075 Strasbourg Cedex nó publishing@coe.int).

Ba cheart gach comhfhreagras eile a bhaineann leis an gcáipéis seo a sheoladh chuig an gComhaontú Páirteach Méadaithe i dtaca le Spórt (EPAS) de chuid Chomhairle na hEorpa, Comhairle na hEorpa, F-67075 Strasbourg Cedex, Ríomhphost: sport.epas@coe.int

Clúdach agus leagan amach:
An Rannóg Táirgthe Cáipéisí agus Foilseachán (DPDP), Comhairle na hEorpa

Ní dhearna Aonad Eagarthóra DPDP cóipeagarthóireacht ar an bhfoilseachán seo chun earráidí cló ná gramadaí a cheartú.

© Comhairle na hEorpa, Meitheamh 2022
Arna phriontáil i gComhairle na hEorpa

# An Clár


| | |
|---|---|
| **MOLADH CM/REC(2021)5 MAIDIR LEIS AN GCAIRT EORPACH SPÓIRT ATHBHREITHNITHE** | **5** |
| **A. FORÁLACHA TOSAIGH** | **11** |
| Airteagal 1 – Aidhm na Cairte | 11 |
| Airteagal 2 – Sainmhíniú ar "spórt" agus raon na Cairte | |
| **B. PÁIRTITHE LEASMHARA** | **14** |
| Airteagal 3 – Údaráis phoiblí | 14 |
| Airteagal 4 – An ghluaiseacht spóirt | 15 |
| Airteagal 5 – Earnálacha corparáideacha agus gairmiúla | 16 |
| **C. SPÓRT BUNAITHE AR LUACHANNA** | **17** |
| Airteagal 6 – Cearta an duine | 17 |
| Airteagal 7 – Oideachas i luachanna trí eitic spóirt | 18 |
| Airteagal 8 – Ionracas | 19 |
| Airteagal 9 – Inbhuanaitheacht | 20 |
| **D. SPÓRT DO CHÁCH** | **22** |
| Airteagal 10 – An ceart chun spóirt | 22 |
| Airteagal 11 – Bunús chleachtas an spóirt a thógáil | 23 |
| Airteagal 12 – Rannpháirtíocht a fhorbairt | 24 |
| Airteagal 13 – Feidhmíocht a fheabhsú | 25 |
| Airteagal 14 – Tacú le spórt ardleibhéil agus gairmiúil | 25 |

**E. ACMHAINNÍ** **27**

Airteagal 15 – Saoráidí agus gníomhaíochtaí 27

Airteagal 16 – Acmhainní daonna 28

Airteagal 17 – Eolas agus taighde 28

Airteagal 18 – Maoiniú 29

Airteagal 19 – Comhar intíre agus idirnáisiúnta 30

**F. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA** **31**

Airteagal 20 – Tacú le cur i bhfeidhm na Cairte agus iarchúram 31

# Moladh CM/Rec(2021)5 maidir leis an gCairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe

## An Brollach

An Coiste Airí, faoi théarmaí Airteagal 15.b de Reacht Chomhairle na hEorpa,

Agus aird á tabhairt ar an gcaoi gurb é aidhm Chomhairle na hEorpa aontacht níos fearr a bhaint amach idir a Ballstáit chun na hidéil agus na prionsabail arb iad a gcomh-oidhreacht iad a chosaint agus a bhaint amach, agus a ndul chun cinn geilleagrach agus sóisialta a éascú;

Agus aird á tabhairt ar an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ETS Uimh. 5, an Coinbhinsiún);

Agus aird á tabhairt ar Chairt Shóisialta na hEorpa (ETS Uimh. 35, ETS Uimh. 163 athbhreithnithe), lena n-achtaítear na cearta chun sláinte, oideachais, cultúir agus rannphháirtíocht i saol an phobail, a bhfuil an spórt ina ghné lárnach dá bhfeidhmiú;

Agus aird á tabhairt ar Rún Res(76)41 dá chuid maidir leis na prionsabail le haghaidh beartais spórt do chách, mar a shainmhínigh Comhdháil na nAirí Eorpacha atá freagrach as Spórt ag a céad chruinniú in 1975 dar teideal "European Sport for All Charter", a nuashonraíodh in 1992 agus 2001 mar an Chairt Eorpach Spóirt (an Chairt), lenar thacaigh Moladh Rec(92)13 (athbhreithnithe) ón gCoiste Airí chuig na Ballstáit maidir leis an gCairt Eorpach Spóirt Athbhreithnithe, agus gur sholáthair leaganacha na cairte a tháinig ina dhiaidh sin bunús riachtanach le haghaidh beartais rialtais i réimse an spóirt agus gur cuireadh ar a gcumas do go leor daoine a gceart chun rannpháirtíochta i spórt a fheidhmiú;

Agus aird á tabhairt ar Chairt Idirnáisiúnta UNESCO maidir leis an gCorpoideachas, Gníomhaíocht Choirp agus Spórt, a chuir le hurramú a chinntiú do shláine agus dínit gach duine i gcorpoideachas, gníomhaíocht choirp agus spórt; le cur chun cinn gníomhaíochtaí coirp gan idirdhealú; le comhrac in aghaidh an eisiaimh a fhulaingíonn grúpaí leochaileacha nó imeallaithe; agus le haitheantas chleachtas an spóirt mar cheart bunúsach (Airteagal 1);

Agus aird á tabhairt ar a mholtaí chuig na Ballstáit arna nglacadh i réimse an spóirt ón athbhreithniú is deireanaí ar an gCairt Eorpach Spóirt:

- maidir leis an gciníochas, an tseineafóibe agus an éadulaingt chiníoch sa spórt a chosc (Rec(2001)6);
- maidir le corpoideachas agus spórt a fheabhsú le haghaidh páistí agus daoine óga i ngach tír Eorpach (Rec(2003)6);
- maidir le prionsabail an dea-rialachais sa spórt (Rec(2005)8);

- maidir le Cód athbhreithnithe na hEitice Spóirt (CM/Rec(2010)9);
- maidir le prionsabal uathriail an spóirt san Eoraip (CM/Rec(2011)3);
- maidir le cur chun cinn ionracas an spóirt in aghaidh torthaí a chúbláil, cluichí a fheallsocrú go háirithe (CM/Rec(2011)10);
- maidir le cosaint lúthchleasaithe linbh agus óga ar na dainséir a bhaineann le himirce (CM/Rec(2012)10);
- maidir le príomhshruthú inscne sa spórt (CM/Rec(2015)2);
- maidir le cur chun cinn an dea-rialachais sa spórt (CM/Rec(2018)12);
- maidir le healaíona comhraic agus gníomhaíochtaí comhraic guaisbheartaíochta (CM/Rec(2021)3);

Agus aird á tabhairt ar na rúin arna nglacadh ag an 15ú Comhdháil Airí de chuid Chomhairle na hEorpa atá freagrach as an Spórt i Tbilisi, an 16 Deireadh Fómhair 2018, “Cearta an duine sa spórt a chosaint: oibleagáidí agus freagrachtaí comhroinnte” agus “Éilliú sa spórt a chomhrac: gníomh a mhéadú”, chomh maith leis an Dearbhú Idirnáisiúnta maidir le Cearta an Duine agus Spórt (Dearbhú Tbilisi), lenar tacaíodh ag an gcomhdháil chéanna sin;

Agus aird á tabhairt ar na rúin arna nglacadh ag an 16ú Comhdháil Airí de chuid Chomhairle na hEorpa atá freagrach as an Spórt, i rith a seisiúin clabhsúir ar líne, an 11 Feabhra 2021, “Cur Chuige Eorpach i leith beartais spóirt: athbhreithniú na Cairte Eorpaí Spóirt” agus “Cearta an duine sa spórt”;

Agus aird á tabhairt ar an ngá atá le creatchlár comhchoiteann Eorpach le haghaidh fhorbairt an spóirt san Eoraip, bunaithe ar phrionsabail an daonlathais iolraigh, fhorlámhas an dlí agus chearta an duine;

Á chur i bhfáth dóibh gur féidir leis an spórt cur le dul chun cinn a dhéanamh ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, arna nglacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe;

De bhrí:

- gur gníomhaíocht shóisialta, oideachasúil agus chultúrtha é an spórt bunaithe ar rogha thoiliúil a spreagann teagmháil idir tíortha na hEorpa agus a saoránaigh, agus go bhfuil ról bunúsach aige i mbaint amach aidhm Chomhairle na hEorpa trí na naisc idir daoine a atreisiú agus feasacht ar fhéiniúlacht chultúrtha Eorpach a fhorbairt;
- gur féidir leis an spórt cur ar bhealaí difriúla le folláine phearsanta agus forbairt shóisialta, agus go gcabhraíonn aclaíocht fhisiciúil go háirithe le folláine fhisiciúil agus mheabhrach a chur chun cinn;
- go bhfuil idirchaidreamh dlúth idir dálaí fónta timpeallachta, gníomhaíochtaí spóirt agus an gá le cúinsí comhshaoil agus prionsabal na forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú sa spórt;
- gur earnáil thábhachtach gheilleagrach é an spórt san Eoraip ina cheart féin, a chuireann le fás geilleagrach, forbairt agus fostaíocht, mar a thug go leor staidéar le fios;
- gur tharla athruithe polaitiúla, geilleagracha agus sóisialta agus go raibh tionchar acu ar an spórt san Eoraip ar luas

lasrach ón athbhreithniú deiridh ar an gCairt Eorpach Spóirt in 2001, rud a fhágann go dteastaíonn Cairt Eorpach Spóirt nua chun na hathruithe sin a léiriú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo;

- gur mó éifeacht a bheadh le comhcheangal caighdeán maidir le forbairt spóirt agus le heitic spóirt i gcaighdeán tagartha aonair amháin maidir le beartais spóirt;
- gur cheart d'údaráis phoiblí comhoibriú cómhalartach a fhorbairt leis an ngluaiseacht spóirt, mar bhunús riachtanach an spóirt, chun luachanna agus tairbhí an spóirt a chur chun cinn, agus go ndéantar gníomh rialtais sa spórt in go leor Ballstáit Eorpacha chun obair na gluaiseachta sin a chomhlánú agus tacú léi (coimhdeacht);
- go bhfuil struchtúr an spóirt iomaíoch san Eoraip faoi láthair, atá bunaithe den chuid is mó ar eagar náisiúnta le comórtais ar na leibhéil réigiúnacha, náisiúnta, ilchríche agus dhomhanda, agus a thugann aird ar ról rialála na gcomhlachtaí rialaithe idirnáisiúnta, tar éis tairbhí a sholáthar i dtéarmaí fhorbairt chomhleanúnach an spóirt agus dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta,

Molann sé go ndéanfadh rialtais na mBallstát:

a. a mbeartais intíre spóirt, agus, nuair is cuí, aon reachtaíocht ábhartha, a bhunú ar gCairt Eorpach Spóirt mar a leagtar amach san fhoscríbhinn a ghabhann leis an moladh seo;
b. iarraidh ar na páirtithe leasmhara ábhartha aird a thabhairt ar na prionsabail a leagtar amach sa Chairt Eorpach Spóirt nuair atá a mbeartais á bhforbairt;

c. bearta a dhéanamh chun scaipeadh forleathan na Cairte Eorpaí Spóirt a chinntiú;
d. soláthar na faisnéise agus na sonraí a theastóidh chun faireachán a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm a sholáthar nó a éascú.

# A. Forálacha tosaigh

## Airteagal 1 – Aidhm na Cairte

Is é aidhm na Cairte seo treoir a thabhairt do rialtais maidir le ceapadh agus cur i bhfeidhm creatchlár dlíthiúil agus beartais le haghaidh an spóirt ina dtarraingítear aird ar a iomaí tairbhe aonair agus shóisialta (go háirithe le haghaidh na sláinte, an ionchuimsithe agus an oideachais) agus cloí le luachanna chearta an duine, an daonlathais agus fhorlámhas an dlí, agus na luachanna sin a chur chun cinn, mar a chumhdaítear i gcaighdeáin infheidhmithe Chomhairle na hEorpa. Chun an aidhm sin a bhaint amach, ba cheart go nglacfadh rialtais na bearta a theastaíonn chun:

1. a chur ar a chumas do gach duine a bheith páirteach i spórt agus an méid seo a leanas a chinntiú go háirithe:

    a. go bhfaigheann gach duine óg teagasc corpoideachais ag institiúidí oideachais agus go mbíonn teacht acu ar dheiseanna chun litearthacht fhisiciúil agus aclaíocht choirp a fhorbairt agus scileanna bunghluaiseachta a fhoghlaim;

    b. go mbíonn deis ag cách páirt a ghlacadh i spórt i dtimpeallacht shábháilte, shlán agus shláintiúil;

    c. go mbíonn forbairt an spóirt ionchuimsitheach, agus go ndéantar measúnú agus faireachán air go rialta; agus

    d. go mbíonn an deis ag cách a gcaighdeán feidhmíochta i spórt a fheabhsú taobh amuigh dá chleachtas

ar mhaithe le caitheamh aimsire agus leibhéil feidhmíochta pearsanta a bhaint amach agus/nó leibhéil sármhaitheasa ar bhealach eiticiúil, cothrom agus freagrach;

2. spórt bunaithe ar luachanna a chosaint agus a fhorbairt, ar réamhchoinníoll é chun an leas is fearr is féidir a bhaint as tairbhí aonair agus sóisialta an spóirt, agus go háirithe an méid seo a leanas a chinntiú:

a. go gcosnaítear cearta an duine atá ag gach duine atá bainteach le gníomhaíochtaí a bhaineann le spórt nó a ndéanann na gníomhaíochtaí difear dóibh;
b. go gcuireann gníomhaíochtaí spóirt le hiompar eiticiúil a neartú ina measc siúd atá bainteach le spórt;
c. go gcosnaítear ionracas eagraíochtaí spóirt, comórtas spóirt agus na ndaoine atá bainteach le gníomhaíochtaí a bhaineann le spórt nó a ndéanann na gníomhaíochtaí difear dóibh;
d. go mbíonn gníomhaíochtaí spóirt ag teacht le prionsabail na forbartha inbhuanaithe.

## Airteagal 2 – Sainmhíniú ar "spórt" agus raon na Cairte

1. Chun críche na Cairte seo, ciallaíonn "spórt" gach foirm den ghníomhaíocht choirp a bhfuil d'aidhm léi, trí rannpháirtíocht ócáideach nó eagraithe, an aclaíocht choirp agus an fholláine mheabhrach a chothú nó a fheabhsú, caidreamh sóisialta a fhorbairt nó torthaí a bhaint amach i gcomórtais ar gach leibhéal.

2. Tarraingítear aird sa Chairt seo ar ghnéithe comónta creatchláir le haghaidh spórt Eorpach agus a eagrú, lena nglacann an ghluaiseacht spóirt mar shamhail spóirt na hEorpa, agus tugtar treoir ghinearálta do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa chun reachtaíocht nó beartais eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bheachtú agus chun creatchlár cuimsitheach don spórt a fhorbairt. Sonraíodh agus comhlánaíodh í le caighdeáin atá ina gceangal de réir an dlí ina dtugtar aghaidh ar cheisteanna tábhachtacha i réimse an spóirt, ar nós:

a. an Coinbhinsiún Eorpach maidir le Foréigean agus Mí-iompar an Lucht Féachana ag Imeachtaí Spóirt agus go háirithe ag Cluichí Sacair (ETS Uimh. 120);
b. an Coinbhinsiún Frithdhópála (ETS Uimh. 135);
c. Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa ar Chomórtais Spóirt a Chúbláil (CETS Uimh. 215); agus
d. Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cur Chuige Comhtháite i leith Sábháilteacht, Slándáil agus Seirbhís ag Cluichí Sacair agus ag Imeachtaí Spóirt Eile (CETS Uimh. 218).

3. Féadfar cur i bhfeidhm cuid d’fhorálacha na Cairte seo a chur faoi chúram údarás spóirt nó eagraíochtaí spóirt rialtais nó neamhrialtais.

# B. Páirtithe Leasmhara

## Airteagal 3 – Údaráis phoiblí

1. Tá ról na n-údarás poiblí ina chomhlánú ar ghníomh na gluaiseachta spóirt agus na hearnála corparáidí, den chuid is mó. Bíonn údaráis phoiblí freagrach as coinníollacha creatchláir a leagan síos agus, nuair is cuí, ceanglais dlí a theastaíonn le haghaidh fhorbairt an spóirt freisin. I gcás forbairt agus riar beartas spóirt, ba cheart d'údaráis phoiblí aidhmeanna na Cairte seo a shaothrú agus a léiriú go dtugann siad tús áite d'urramú fhorlámhas an dlí agus phrionsabail an dea-rialachais.

2. Ba cheart comhordú cothrománach a chinntiú idir beartais agus gníomhartha na n-údarás poiblí ar fad a bhaineann le spórt, mar shampla údaráis i gceannas ar spórt, oideachas, sláinte, seirbhísí sóisialta, pleanáil uirbeach agus réigiúnach, cultúr, ceartas, faireachán ar chearta an duine agus cosaint leanaí, forfheidhmiú an dlí, rialáil gealltóireachta, comhshaol agus forbairt. Ba cheart comhordú ingearach a chinntiú idir údaráis náisiúnta agus na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, a mbíonn príomhról acu i soláthar gníomhaíochtaí spóirt ar leibhéal an phobail.

## Airteagal 4 – An ghluaiseacht spóirt

1. Is í an ghluaiseacht spóirt, a chuimsíonn eagraíochtaí spóirt rialtais neamhbhrabúis, príomhpháirtí na n-údarás poiblí chun beartais spóirt a chur i bhfeidhm. Bíonn a heagraíochtaí faoi cheangal na gceanglas agus na dteorainneacha arna bhforchur orthu le reachtaíocht de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta.

2. Ba cheart forbairt an éitis agus na gluaiseachta deonaí sa spórt a spreagadh níos mó, go háirithe trí thacaíocht d'obair na n-eagraíochtaí spóirt saorálacha. Chuige sin, ba cheart do na húdaráis phoiblí agus an ghluaiseacht spóirt coinníollacha creatchláir a chothú atá fabhrach do rannpháirteachas gníomhach oibrithe deonacha sa spórt.

3. Baineann eagraíochtaí na gluaiseachta spóirt tairbhe iomlán as an tsaoirse comhlachais a chumhdaítear sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Baineann siad tairbhe as próisis cinnteoireachta uathrialacha agus ba cheart dóibh a gceannairí a roghnú go daonlathach de réir prionsabail dea-rialachais. Ba cheart do rialtais agus eagraíochtaí spóirt araon an gá atá le meas frithpháirteach ar a gcinntí a aithint.

4. Ba cheart d'eagraíochtaí na gluaiseachta spóirt a thuilleann ioncam ó mhargadh siamsaíochta an spóirt a bheith tiomanta do dhlúthpháirtíocht airgeadais idir spórt ardleibhéil agus spórt an phobail, i measc spóirt dhifriúla agus ar fud gach réigiúin den domhan.

## Airteagal 5 – Earnálacha corparáideacha agus gairmiúla

1. Bíonn ról tábhachtach ag na hearnálacha corparáideacha agus gairmiúla i bhforbairt an spóirt. Ba cheart tabhairt faoi phlé agus comhoibriú le hionadaithe cuideachtaí agus catagóirí ceirde atá bainteach le spórt in earnálacha mar eagrú gníomhaíochtaí, imeachtaí nó comórtas; déantúsaíocht earraí spóirt; spórt agus cothú; tógáil saoráidí; soláthar seirbhíse; agus na meáin.

2. Nuair atáthar ag plé le hionadaithe na n-earnálacha sin, ba cheart do rialtais:

   a. iad a aithint mar spreagthóirí nuálaíochta atá in ann freastal ar fhorbairt an spóirt;

   b. a chinntiú go gcloíonn siad leis na rialacháin ábhartha, mar shampla maidir le cearta geilleagracha agus sóisialta, sábháilteacht, cáilíochtaí, frith-idirdhealú, ionracas an spóirt, rialachas corparáideach agus frith-éilliú;

   c. tacaíocht do Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Moladh CM/Rec(2016)3 ón gCoiste Airí chuig na Ballstáit maidir le cearta an duine agus gnó a chur chun cinn;

   d. iad a spreagadh le comhoibriú leis an ngluaiseacht spóirt agus a rannpháirtíocht i scéimeanna dlúthpháirtíochta a spreagadh nuair a bhaineann siad tairbhe as gníomhaíochtaí a dhéanann agus a mhaoiníonn an ghluaiseacht spóirt.

# C. Spórt bunaithe ar luachanna

## Airteagal 6 – Cearta an duine

1. Déanfaidh gach páirtí leasmhar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú agus a chosaint, agus ba cheart dóibh cloí leis an gcreatchlár ginearálta a bunaíodh dá gcur i bhfeidhm i ngnó agus gníomhaíochtaí eile.

2. Le cur chuige an díchill chuí um chearta an duine sa spórt, éilítear urramú do chearta an duine atá ag gach duine atá bainteach le gníomhaíochtaí a bhaineann le spórt nó a ndéanann na gníomhaíochtaí difear dóibh agus ba cheart dá bhrí sin:

   a. a chinntiú go ndéantar cearta an duine atá ag lúthchleasaithe agus gach duine atá bainteach le spórt a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn;

   b. treallachas agus mí-úsáidí eile sa spórt a chomhrac chun urramú iomlán fhorlámhas an dlí a chinntiú i ngníomhaíochtaí spóirt, ina measc teacht ar bhearta

ceartaitheacha, ceartas agus triail chóir de réir na gcaighdeán infheidhmithe um chearta an duine;

c. oibriú i dtreo comhionannas inscne i spórt agus tríd, go háirithe trí straitéis an phríomhshruthaithe inscne sa spórt a chur i bhfeidhm;

d. beartas neamhfhulaingthe i leith foréigin agus gach cineál idirdhealaithe a chur i bhfeidhm, agus aird faoi leith ar dhaoine agus ar ghrúpaí i suíomh leochaileach, ar nós páistí, imirceach agus daoine atá faoi mhíchumas;

e. oibriú i dtreo tiomantas soiléir do chearta an duine a chuimsiú sna creatchláir beartais agus/nó rialála faoi seach;

f. tacú le cearta an duine i gcomhthéacs eagrú imeachtaí spóirt agus ceisteanna agus cuspóirí chearta an duine a áireamh i saolré iomlán imeachtaí móra spóirt, ag tosú leis an bpróiseas tairisceana agus pleanáil le haghaidh oidhreacht dhearfach bhuan san áireamh;

g. tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcur i bhfeidhm éifeachtach chaighdeáin chearta an duine i spórt agus trí spórt, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí rialtais/neamhrialtais a fhorbairt agus ardáin ilpháirtithe leasmhara a úsáid chun bearta a aithint agus a chur chun cinn chun sáruithe ar chearta an duine sa spórt a chosc agus freagairt dóibh.

## Airteagal 7 – Oideachas i luachanna trí eitic spóirt

1. Is coincheap dearfach é “eitic an spóirt” a threoraíonn iompar an duine. Sainmhínítear é mar dhearcadh agus ní mar ghníomh amháin. Bíonn sé mar bhonn agus taca ag ionracas an

spóirt, comhionannas, macántacht, sármhaitheas, tiomantas, misneach, meanma foirne, urramú rialacha agus dlíthe, meas ar an gcomhshaol, meas ort féin agus ar dhaoine eile agus braistint pobail, éadulaingthe agus dlúthpháirtíochta. Áirítear leis freisin meas ar chearta an duine agus an inbhuanaitheacht.

2. Déanfar an eitic spóirt a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht sa spórt, trí bheartais agus cláir ábhartha. Ba cheart bearta cuí a ghlacadh chun feasacht ar an eitic spóirt a mhéadú agus chun deiseanna foghlama leanúnaí a sholáthar sa réimse seo.

3. Is cuid lárnach de na hinniúlachtaí ba cheart a fháil tríd an spórt é oideachas a fháil faoin gcaoi leis an rogha eiticiúil a dhéanamh sa spórt agus lasmuigh de. Is féidir le spórt bunaithe ar luachanna a chleachtadh daoine a chumasú, chomh maith le cothroime, obair foirne, comhionannas, smacht, ionchuimsiú, meas agus ionracas a mhúineadh.

## Airteagal 8 – Ionracas

1. Cuimsíonn "ionracas spóirt" comhpháirteanna an ionracais phearsanta, iomaíoch agus eagraíochtúil. Áirítear le bagairtí ar ionracas spóirt cionta coiriúla ar nós éilliú, calaoise agus comhéigin; ach cuimsítear freisin sáruithe ar rialacháin reachtúla agus araíonachta agus iompar neamheiticiúil. Ba cheart cur chun cinn an ionracais spóirt a chur de cheangal ar na páirtithe leasmhara ar fad dá bhrí sin agus:

   a. gach duine a chosaint, go háirithe an t-aos óg, ar fhoréigean, ciapadh agus mí-úsáid, sábháilteacht agus slándáil daoine a chinntiú agus urramú agus

cosaint chearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta a chothú, cearta sóisialta ina measc;

b. tacú le cothrom na Féinne, a bhaineann le i bhfad níos mó ná imirt de réir na rialacha. Cuimsíonn cothrom na Féinne coincheapa an chairdis, meas ar dhaoine eile agus muintearais. Áirítear leis ceisteanna a bhaineann le caimiléireacht, úsáid straitéisí éagóracha cé go gcloítear leis na rialacha, comórtais spóirt a chúbláil agus dópáil;

c. rialachas spóirt a spreagadh a chloíonn le prionsabail na trédhearcachta, sláine, daonlathais, forbartha agus dlúthpháirtíochta, rud ba cheart a dhaingniú le srianta agus ceartúcháin agus sásraí rialaithe.

2. Ba cheart do bheartais ionracais spóirt brath ar thionscnaimh ilpháirtithe leasmhara; sceithirí agus na meáin shaora a spreagadh agus comhoibriú leo; aird a thabhairt ar chomhlíonadh chearta an duine; infheistiú in oideachas, cosc agus ardú feasachta; a bheith faoi réir faireacháin, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as bearta ceartaitheacha; agus príomhshruthú inscne agus óige a úsáid.

## Airteagal 9 – Inbhuanaitheacht

1. Éilítear le prionsabal na hinbhuanaitheachta sa spórt go mbeadh gach gníomhaíocht inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de, go háirithe:

a. nuair atá a ngníomhaíochtaí á bpleanáil, á gcur i bhfeidhm agus á measúnú, ba cheart d'eagraithe gníomhaíochtaí agus imeachtaí spóirt aird chuí a thabhairt ar an inbhuanaitheacht, bíodh sin ó thaobh an gheilleagair, na sochaí nó an chomhshaoil de;

b. cé gur féidir le hídiú méadaithe earraí spóirt tionchar dearfach a imirt ar an ngeilleagar domhanda, ba cheart don tionscal freagracht a ghlacadh as cleachtais a fhorbairt agus a chomhtháthú atá sásúil i dtéarmaí sóisialta agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

c. ba cheart gníomhaíochtaí faoi dhíon agus taobh amuigh a dhéanamh go freagrach, is é sin ba cheart prionsabal an réamhchúraim (caomhnú acmhainní agus cosc ar rioscaí) a chur i bhfeidhm. Caithfidh úinéirí bonneagair spóirt gníomhú go réamhghníomhach chun éifeachtaí agus iarmhairtí a saoráidí a shainaithint, damáiste féideartha don dúlra a sheachaint agus, nuair is gá, frithbhearta agus bearta cosanta a ghlacadh in aghaidh na rioscaí sin;

d. ba cheart d’eagrú imeachtaí móra spóirt oidhreacht inbhuanaithe a chinntiú do na pobail óstála i dtaobh a dtionchar geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil, go háirithe chun cothromaíocht a bhaint amach idir costas airgeadais an bhonneagair agus a úsáid i ndiaidh an imeachta, agus an éifeacht ar rannpháirtíocht sa spórt.

2. Ba cheart do gach páirtí leasmhar freagracht a ghlacadh chun a lorg carbóin a laghdú agus tiomantais agus comhpháirtíochtaí a shaothrú ar mhaithe le gníomhú ar son na haeráide mar aitheantas do thionchar diúltach an athraithe aeráide atá ag dul i méid ar an tsochaí agus ar an spórt.

# D. Spórt do chách

## Airteagal 10 – An ceart chun spóirt

1. Meastar gur ceart bunúsach é rochtain ar spórt do chách. Tá ceart doshannta ar rochtain ar spórt i dtimpeallacht shábháilte ag gach duine, i suíomhanna scoile agus lasmuigh díobh, rud atá riachtanach dá bhforbairt phearsanta agus atá lárnach i bhfeidhmiú na gceart chun sláinte, oideachais, cultúir agus rannpháirtíochta i saol an phobail.

2. Ní cheadófar aon idirdhealú ar na forais cine, datha, teanga, creidimh, inscne ná gnéaschlaonta, tuairime polaitiúla nó eile, bunúis náisiúnta nó shóisialta, comhlachais le mionlach náisiúnta, réadmhaoine, breithe nó stádais eile, sa rochtain ar shaoráidí spóirt ná ar ghníomhaíochtaí spóirt.

3. Chun an ceart sin a chosaint agus a chur chun cinn, is gá:
   a. a chinntiú go ráthaítear an rochtain sin ar fhorbairt inniúlachtaí coirp, intleachtúla agus eiticiúla trí chorpoideachas agus spórt, laistigh den chóras oideachais agus i ngnéithe eile den saol sóisialta;
   b. a chinntiú go mbíonn neart deiseanna ag cách chun tairbhe a bhaint as corpoideachas agus spórt a chleachtadh, litearthacht fhisiciúil agus aclaíocht choirp a fhorbairt, scileanna bunghluaiseachta a fhoghlaim agus leibhéal gnóthachtála a bhaint amach sa spórt a thagann lena gcumais;

c. a chinntiú go mbíonn deiseanna sonracha ar fáil do dhaoine óga, páistí ar aois réamhscoile ina measc, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine atá faoi mhíchumas chun leas a bhaint as cláir oideachais agus spóirt a fheileann dá riachtanais;

d. a chinntiú go mbíonn deiseanna ag gach duine sa phobal áitiúil chun páirt a ghlacadh i spórt agus, nuair is gá, go nglactar bearta breise a bhfuil d'aidhm leo a chur ar a gcumas do dhaoine nó grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus daoine atá faoi mhíchumas úsáid éifeachtach a bhaint as na deiseanna sin;

e. a ráthú go mbíonn stádas dlíthiúil agus coinníollacha creatchláir oiriúnacha ag clubanna spóirt áitiúla chun rochtain inacmhainne ar spórt do chách a thairiscint.

### Airteagal 11 – Bunús chleachtas an spóirt a thógáil

1. Ba cheart gach beart cuí a ghlacadh chun litearthacht fhisiciúil agus aclaíocht choirp a fhorbairt i measc daoine óga, á gcur ar a gcumas dóibh scileanna bunghluaiseachta a fhoghlaim agus iad a spreagadh le spórt a chleachtadh, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

a. a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoláire ar chláir agus ar shaoráidí spóirt, áineasa agus corpoideachais agus go cuirtear sliotáin ama chuí ar leataobh le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin;

b. oiliúint múinteoirí cáilithe sa réimse seo i ngach scoil a chinntiú;

c. a chinntiú gur ann do dheiseanna cuí chun leanúint le cleachtadh an spóirt i ndiaidh an oideachais éigeantaigh;
d. forbairt nasc cuí a spreagadh idir scoileanna nó institiúidí oideachais eile, clubanna spóirt scoile agus clubanna spóirt áitiúla;
e. úsáid saoráidí spóirt i measc scoileanna, clubanna spóirt áitiúla agus an phobail áitiúil a éascú agus a fhorbairt;
f. timpeallacht a spreagadh ina spreagann tuismitheoirí, múinteoirí, cóitseálaithe agus ceannairí daoine óga chun tabhairt faoi aclaíocht fhisiciúil go rialta;
g. oideachas in eitic spóirt a sholáthar le haghaidh daltaí ón mbunscoil ar aghaidh.

## Airteagal 12 – Rannpháirtíocht a fhorbairt

1. Déanfar cleachtas an spóirt – bíodh sé ar mhaithe le caitheamh aimsire agus áineas, le cur chun cinn na sláinte nó le feidhmíocht a fheabhsú – a chur chun cinn ar fud an daonra ar fad trí shaoráidí agus cláir chuí de gach cineál a sholáthar chomh maith le rochtain ar chóitseálaithe, teagascóirí agus foireann cháilithe, bíodh oibrithe deonacha nó gairmiúla i gceist.

2. Breathnófar ar sholáthar deiseanna rannpháirtíochta sa spórt in ionaid oibre mar chuid lárnach de bheartas cothrom spóirt.

## Airteagal 13 – Feidhmíocht a fheabhsú

1. Tacófar le cleachtas an spóirt ar leibhéil níos airde agus spreagfar é ar bhealaí cuí agus sonracha. Cumhdófar leis an tacaíocht sin réimsí ar nós tallann a shainaithint agus comhairleoireacht a chur ar fáil, saoráidí oiriúnacha a sholáthar, cúram agus tacaíocht a fhorbairt do lúthchleasaithe le míochaine spóirt agus eolaíocht spóirt de réir caighdeáin eiticiúla spóirt, cóitseáil eolaíochta a spreagadh agus oiliúint a chur ar fáil do chóitseálaithe agus do dhaoine eile ag a bhfuil feidhmeanna ceannaireachta agus cabhrú le clubanna struchtúir chuí agus deiseanna iomaíochta a sholáthar.

## Airteagal 14 – Tacú le spórt ardleibhéil agus gairmiúil

1. Ceapfar bealaí chun tacaíocht chuí dhíreach nó indíreach a sholáthar do lúthchleasaithe a léiríonn cáilíochtaí eisceachtúla spóirt chun deiseanna a thabhairt dóibh a gcumais spóirt agus dhaonna a fhorbairt ina n-iomláine, agus ag cinntiú meas iomlán freisin ar a bpearsantacht féin agus ar a sláine choirp agus mhorálta. Ba cheart a áireamh le tacaíocht mar sin gnéithe a bhaineann le tallann a shainaithint, le déghairmeacha lúthchleasaithe, le hoideachas cothrom in institiúidí oiliúna, agus le comhtháthú gan bhac sa tsochaí trí dheiseanna gairme a fhorbairt i rith na rannpháirtíochta sa spórt ardleibhéil agus ina diaidh.

2. Déanfar spórt a eagraítear go gairmiúil, agus a eagraíonn an tionscal siamsaíochta spóirt freisin, a eagrú agus a bhainistiú trí chomhlachtaí inniúla dea-rialaithe, a thacaíonn le plé sóisialta cuí le hionadaithe lúthchleasaithe agus le ról rialála na gcomhlachtaí rialaithe idirnáisiúnta ábhartha maidir le

rialacha comhchuibhithe an chluiche a chinntiú, ionracas spóirt a chosaint agus féilirí comórtas a chomhordú. Ba cheart stádas sóisialta cuí agus cosaintí eiticiúla ar gach cineál dúshaothraithe a bheith ag daoine a bhíonn ag tabhairt faoin spórt go gairmiúil, agus ba cheart dóibh leas a bhaint as cearta geilleagracha agus sóisialta.

3. Ba cheart d'eagrú comórtas spóirt ardleibhéil agus gairmiúil cloí le prionsabal na hoscailteachta i gcomórtais spóirt, agus tús áite a thabhairt d'fhiúntas spóirt. Ba cheart d'eagraithe comórtais oibriú chun riachtanais agus sainleasanna comórtas aonair/foirne áitiúla agus riachtanais agus sainleasanna foirne náisiúnta a thabhairt le chéile.

# E. Acmhainní

**Airteagal 15 – Saoráidí agus gníomhaíochtaí**

1. Ó tharla go bhfuil rannpháirtíocht sa spórt ag brath i bpáirt ar raon, ar éagsúlacht agus ar inrochtaineacht saoráidí, ba cheart do na húdaráis phoiblí a bheith freagrach as a bpleanáil fhoriomlán. Ba cheart na saoráidí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana féin a thabhairt san áireamh agus pleanáil á déanamh ar an raon saoráidí atá le cur ar fáil. Ba cheart dóibh siúd atá freagrach riachtanais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur san áireamh, agus bearta a ghlacadh atá dírithe ar dhea-bhainistíocht agus úsáid shábháilte agus iomlán na saoráidí a chinntiú.

2. Ba cheart d'úinéirí saoráidí spóirt bearta cuí a ghlacadh chun a chur ar a gcumas do dhaoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas fisiciúil nó meabhrach ina measc, rochtain a fháil ar na saoráidí sin.

3. Ba cheart creatchlár soiléir a sholáthar, agus ba cheart bearta cuí a ghlacadh, chun eagraithe imeachtaí agus úinéirí saoráidí spóirt a chumasú chun a n-oibleagáidí sábháilteachta agus slándála a chomhlíonadh go héifeachtach.

## Airteagal 16 – Acmhainní daonna

1. Spreagfar forbairt cúrsaí oiliúna, ag comhlachtaí cuí, as a n-eascróidh dioplómaí agus cáilíochtaí a chumhdaíonn gach gné den spórt, lena n-áirítear a chomhlíontacht le cearta an duine, eitic, ionracas agus inbhuanaitheacht. Ba cheart do na cúrsaí sin a bheith cuí do riachtanais rannpháirtithe ó gach cúlra a bhaineann le cineálacha agus leibhéil dhifriúla spóirt agus a cheaptar dóibh siúd a oibríonn go deonach agus go gairmiúil (teagascóirí, cóitseálaithe, bainisteoirí, oifigigh, dochtúirí, oifigigh sábháilteachta, ailtirí, innealtóirí, oifigigh cosanta leanaí, srl.).

2. Ba cheart na cáilíochtaí cuí a bheith acu siúd atá páirteach i gceannaireacht nó maoirseacht gníomhaíochtaí spóirt, agus béim faoi leith ar luachanna eiticiúla, ionracas agus cearta an duine a chosaint, ina measc dínit dhaonna, sábháilteacht agus sláinte na ndaoine faoina gcúram a chosaint.

3. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar obair dheonach. Féadfaidh foireann dheonach, má bhíonn an oiliúint agus maoirseacht chuí acu, cur go mór le forbairt an spóirt ar an iomlán agus rannpháirtíocht cách a spreagadh i gcleachtadh agus eagrú gníomhaíochtaí spóirt. Ba cheart earcú, oiliúint agus coinneáil oibrithe deonacha a spreagadh trí aitheantas d'obair dheonach, tacaíocht d'oiliúint iomlánaíoch cóitseálaithe deonacha agus bearta eile.

## Airteagal 17 – Eolas agus taighde

1. Ba cheart struchtúir agus acmhainní cuí a chothú le haghaidh bailiú agus scaipeadh faisnéise ábhartha faoi spórt ar na leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag cloí leis

na caighdeáin is nuaí agus á bhforbairt tuilleadh de réir dul chun cinn teicneolaíochta ábhartha. Ba cheart a áireamh leis sin go háirithe aird chuí a thabhairt ar dhigitiú agus forbairtí tábhachtacha teicneolaíochta eile agus a n-úsáid agus a bhfeidhmiú i gcomhthéacs an spóirt.

2. Déanfar taighde eolaíochta ar gach gné den spórt, lena n-áirítear a éifeachtaí dearfacha agus diúltacha ar shláinte, ceisteanna eitice agus rialachais, treochtaí nua agus prionsabail bhunúsacha lárnacha eile, a chur chun cinn tuilleadh agus tacófar leis. Déanfar socruithe chun an fhaisnéis sin a scaipeadh agus a mhalartú chomh maith le torthaí an taighde sin ar an leibhéal is cuí – áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta – lena n-áirítear mar bhunús d'fhorbairt bhreise na mbeartas spóirt eolach.

## Airteagal 18 – Maoiniú

1. Chun aidhmeanna na Cairte seo a bhaint amach, cuirfear ar fáil tacaíocht agus acmhainní cuí ó chistí poiblí ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear, nuair is cuí, ranníocaíochtaí crannchuir, forálacha buiséid phoiblí leordhóthanacha, díolúintí cánacha, áitribh ar iasacht, srl.

2. Ba cheart tacaíocht airgeadais mheasctha idir phoiblí agus phríobháideach le haghaidh an spóirt a spreagadh, lena n-áirítear cumas na hearnála spóirt féin acmhainní cuí a ghiniúint agus a leithdháileadh dá forbairt bhreise, i dtéarmaí a gnéithe sóisialta agus a gnéithe ardleibhéil araon.

3. Ba cheart bearta poiblí tacaíochta a ghlacadh le haghaidh eagrú imeachtaí spóirt i bhfianaise na gcaighdeán comhshaoil ábhartha agus na dtairbhí inbhuanaithe, geilleagracha agus

sóisialta is féidir le himeachtaí mar sin a bhaint amach, chun acmhainn dhearfach imeachtaí spóirt a bhaint amach agus glacadh an phobail a mhéadú.

## Airteagal 19 – Comhar intíre agus idirnáisiúnta

1. Ba cheart struchtúir chuí le haghaidh comhordú ceart ar fhorbairt agus cur chun cinn an spóirt idir na páirtithe leasmhara éagsúla a chur i bhfeidhm sa chás nach bhfuil siad ann cheana féin ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun aidhmeanna na Cairte seo a bhaint amach, rud a chinnteoidh go mbeidh an spórt ina ghné struchtúrtha d'fholláine ár sochaí.

2. Teastaíonn comhar idirnáisiúnta ar na leibhéil dhomhanda agus ilchríche freisin chun aidhmeanna na Cairte seo a chomhlíonadh. Is féidir é sin a bhaint amach trí mhalartú dea-chleachtais, cláir oideachais, forbairt acmhainneachta, abhcóideacht agus gealltáin, chomh maith le táscairí agus uirlisí faireacháin agus meastóireachta eile.

# F. Forálacha críochnaitheacha

## Airteagal 20 – Tacú le cur i bhfeidhm na Cairte agus iarchúram

1. Ba cheart Comhairle na hEorpa ina hiomláine agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a spreagadh leis an spórt a úsáid mar mhodh chun luachanna a chur chun cinn agus leis an spórt a phríomhshruthú i straitéisí agus i bpleananna gníomhaíochta.

2. Chun cur chun cinn agus cur i bhfeidhm na Cairte seo a éascú, ba cheart iarraidh ar pháirtithe leasmhara ábhartha gealltán a thabhairt i leith chur i bhfeidhm na Cairte ina mbeartais, a straitéisí agus a gcláir.

3. Ar an leibhéal Eorpach, tá sé tábhachtach dul chun cinn a athbhreithniú agus tacú le cur i bhfeidhm na Cairte, go háirithe chun tionchar dearfach an spóirt ar an tsláinte, ionchuimsiú agus oideachas a ráthú, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as a acmhainn chun sochaí shibhialta bhríomhar a chur chun cinn chomh maith le cultúr chearta an duine, forlámhas an dlí, rialachas daonlathach agus inbhuanaitheacht, agus chun bagairtí ar ionracas spóirt a chomhrac. Ba cheart an Comhaontú Páirteach Méadaithe i dtaca le Spórt de chuid Chomhairle na hEorpa a úsáid chun dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na Cairte a mheasúnú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear trí:

   a. malartú faisnéise agus dea-chleachtais a éascú;

   b. malairtí téamacha maidir le ceisteanna a bhaineann leis an gCairt a thionól;

c. faisnéis a bhailiú agus a fhoilsiú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte;
d. tacú le cur chun cinn agus cur i bhfeidhm na Cairte trí ghníomhaíochtaí rialta iltaobhacha agus a bhaineann go sonrach le tír ar leith.

Is deis é an spórt; múineann sé éadulaingt agus meas dúinn. Cuireann sé ar ár gcumas dúinn ár srianta a bhrú siar agus foghlaim óna chéile, ag cur deireadh go minic le difríochtaí agus teorainneacha. Déanann sé níos láidre muid ar go leor bealaí.

Le breis agus dhá scór blianta anuas, tá Comhairle na hEorpa ag moladh chothrom na Féinne agus meas sa spórt, ag dul i ngleic le héilliú agus ag cabhrú le spórt a dhéanamh sábháilte, eiticiúil agus inrochtana do chách.

Is í an Chairt Eorpach Spóirt caighdeán Chomhairle na hEorpa ina leagtar síos na bunphrionsabail le haghaidh beartais náisiúnta spóirt, a chuireann ar a gcumas do rialtais deiseanna a sholáthar do chách chun spórt a chleachtadh faoi choinníollacha soiléire. Spreagann an Chairt an lucht déanta beartas agus tugtar treoir do na Ballstáit faoin gcaoi le barr feabhais a chur ar a reachtaíocht spóirt nó beartais eile atá i bhfeidhm faoi láthair agus le creatchlár cuimsitheach a fhorbairt don spórt.

Ba phointe tagartha an Chairt le haghaidh fhorbairt an spóirt san Eoraip ó glacadh í in 1992, agus is ea fós, agus bhain idir thíortha agus spóirt tairbhe as na prionsabail agus na luachanna a chumhdaítear inti. Ghlac an Coiste Airí lena hathbhreithniú is deireanaí an 13 Deireadh Fómhair 2021.

PREMS 025425

**www.coe.int/sport**

**GLE**

**www.coe.int**

Is í Comhairle na hEorpa an phríomheagraíocht a phléann le cearta an duine ar an mór-roinn. Tá 46 mballstát aici, lena n-áirítear gach mballstát den Aontais Eorpaigh. Tá gach ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa tar éis an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a shíniú, conradh a ceapadh chun cearta an duine, daonlathas agus forlámhas an dlí a chosaint. Déanann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine maoirseacht ar fheidhmiú an Choinbhinsiúin sna Ballstáit.